

Tuarascáil ar Nochtuithe Cosanta, 2021

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, iarrtar ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach líon na nochtuithe cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus an gníomh a rinneadh (más ann). Ní mór nach bhféadfaí daoine a dhéanann nochtuithe a aithint mar gheall ar an tuarascáil seo.

Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim timpeallacht thacúil chun cinn dár mbaill foirne imní a ardú i dtaca le héagóir nó éagóir a d'fhéadfadh tarlú sa láthair oibre agus soláthraímid an tacaíocht riachtanach d'oibrithe a thugann fíorchúiseanna imní chun solais.

Clúdaíonn an tuarascáil seo an tréimhse an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021.

In 2021, ardaíodh dhá ábhar imní faoi 'Polasaí na gCoimisinéirí Ioncaim i leith Nochtadh Cosanta a thuairisciú san Ionad Oibre'. Rinne Grúpa Nochtuithe Cosanta na gCoimisinéirí Ioncaim measúnú ar na hábhair imní seo agus rinneadh beart leantach cuí.

Is duine forordaithe faoin Ordú um an Acht Nochtuithe Cosanta 2014 (Nochtadh do Dhaoine Forordaithe) é Stiúrthóir Iniúchtaí Inmheánacha na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil leis na hábhair uile a bhaineann le measúnú, bailiú agus bainistiú cánacha agus dleachtanna. In 2021, rinneadh aon nochtadh dhéag leis an Stiúrthóir Iniúchtaí Inmheánacha. Bhí gach nochtadh faoi réir measúnaithe agus imscrúduithe nó osclaíodh idirghabhálacha de réir mar is cuí.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim mar bhall den chlár Integrity at Work, tionscnamh de chuid Transparency International Ireland agus táimid tiomanta d'ionad oibre eiticiúil a chothú. In 2021, fuair 30 ball foirne oiliúint ar dhea-chleachtais maidir le déileáil le sceithireacht agus nochtuithe cosanta.